



Dréacht-Eisiúint:

Buaiteoirí Ghradam Litearthachta sna Meáin fógartha

D'fhógair Litearthacht sna Meáin, Éire inniu, an 19 Aibreán 2023, buaiteoirí a gcéad chlár tiomnaithe do Gradaim Litearthachta sna Meáin. Tá sé mar aidhm ag na Gradaim feasacht a mhúscailt ar thábhacht thuiscint ar na meáin, aitheantas a thabhairt don obair litearthachta sna meáin atá á déanamh in Éirinn cheana féin, agus forbairt tionscnamh nua litearthachta sna meáin a spreagadh ar fud na tíre. Faigheann an tionscnamh tacaíocht ó Choimisiún na Meán, an rialtóir meán nua a tháinig in ionad Údarás Craolacháin na hÉireann ('BAI') ar an 15 Márta 2023.

Seoladh an clár ar an 15 Nollaig 2022 le gairm ar iarratais sna catagóirí seo a leanas: **Idirghabháil litearthachta is fearr sna meáin faoi stiúir na hóige; Idirghabháil Litearthachta is Fearr sna Meáin; Seaimpín na Meán - Litearthacht sna Meáin agus Gradam Rannchuidithe do bhall LMÉ.**

Chomh maith leis na ceithre chatagóir seo, bhronn Painéal Moltóireachta an LMÉ **Gradam Aitheantais Speisialta na Moltóirí** ar iontráil amháin. Is faoin bPainéal Moltóireachta an gradam seo a bhronnadh ar iontráil a chreideann siad go bhfuil aitheantas ar leith tuillte aige as a gcuid oibre chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn in Éirinn.

Ba iad Stephanie Comey (Comh-Chathaoirleach LM), Eileen Culloty (Leas-Chathaoirleach LMÉ) agus Ross Keane (Ball de Ghrúpa Stiúrtha LMÉ) painéal moltóireachta na bliana seo. Ba bhreathnóir í Comhordaitheoir Náisiúnta LMÉ, Martina Chapman.

Agus rath an chláir nua á cheiliúradh aige bhronn Coimisinéir Forbartha Meán Choimisiún na Meán, Rónán Ó Domhnaill, trófaí LMÉ, a coimisiúnaíodh go speisialta, ar gach duine de na buaiteoirí chun aitheantas a thabhairt don mhéid a bhain siad amach.

Agus is iad buaiteoirí Gradaim LMÉ 2023:

- **Bronnadh an ghradam don Idirghabháil litearthachta is fearr sna meáin faoi stiúir na hóige ar an tionscadal 'TY Media Week'**

Tionscnamh de chuid Learning Waves, an comhlacht oiliúna don earnáil raidió Neamhspleách in Éirinn, is é atá i gceist leis an tionscadal seo oiliúint a chur ar scoláirí idirbhliana i litearthacht sna meáin agus deis a thabhairt dóibh taighde a dhéanamh ar dhá uair an chloig raidió agus é a léiriú agus a chur i láthair ar a stáisiún raidió áitiúil/ réigiúnach.

Luaigh an painéal moltóireachta *“go ndeachaigh an tionscadal i bhfeidhm orainn go mór leis an úsáid a bhaineann sé as timpeallacht foghlama thumthach chun na scileanna a thabhairt do dhaoine óga a gcuid scéalta féin a insint. Le modheolaíochtaí nuálacha cruthaitheacha, léiríonn sé cur chuige praiticiúil maidir le scileanna litearthachta sna meáin a fhorbairt agus ábhar a chruthú.”*

- **Bronnadh an ghradam don Idirghabháil Litearthachta is Fearr sna Meáin ar an tsraith bheoite ‘Alva’s World’**

Cruthaithe ag stiúideo beochana Éireannach Kavaleer Productions, is seó beoite spraiúil, fonóideach é Alva’s World do leanaí réamhscoile a bhfuil sé mar aidhm aige canóin nua finscéalta a chruthú don aois dhigiteach, fad is a chuireann sé litearthacht sna meáin, sábháilteacht idirlín agus ionbhá i gcoirílár a scéalaíochta samhlaíche agus ábhaillí.

Faoin gcatagóir seo, luaigh an painéal moltóireachta *“an chruthaitheacht a léirigh an tsraith beoite maidir le teachtaireachtaí casta litearthachta sna meáin a chur in iúl agus a chumas litearthacht sna meáin a sheachadadh do lucht féachana an-óg (agus dá dtuismitheoirí/cúramóirí) ar bhealach tarraingteach géarchúiseach”.*

- **Bronnadh Seaimpín na Meán - Litearthacht sna Meáin ar The Journal FactCheck Team**

Bunaithe in 2016, is é treoirphrionsabal na FactCheck team faisnéis mhaith a sholáthar don phobal, ní hamháin chun na cinntí is fearr is féidir a dhéanamh ar ábhair a théann i bhfeidhm ar a saol agus ar an tsochaí, ach na huirlisí a chur ar fáil freisin ar féidir le saoránaigh iad féin ábhar amhrasach nó neamhfhíoraithe a aithint agus faisnéis ardchaighdeán a lorg dóibh féin.

D’aithin an painéal moltóireachta *“úsáid ábhar nuálach agus for-rochtain ag an FactCheck team chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na saincheisteanna is casta a bhaineann le litearthacht sna meáin sa lá atá inniu ann agus a chuid oibre chun tuiscint an phobail ar na meáin nuachta a fheabhsú trí dhaoine a mhealladh ag an bpróiseas chun nuacht a dhéanamh agus an tábhacht a bhaineann le sláinteachas maith faisnéise.”*

- **Bronnadh gradam Gradam Rannchuidithe do bhall LMÉ ar Webwise**

Is é Webwise Ionad na hÉireann um Fheasacht Sábháilteachta Idirlín. Mar chuid de Theicneolaíocht san Oideachas PDST cuireann Webwise úsáid idirlín uathrialach, éifeachtach agus níos sábháilte ag daoine óga chun cinn trí straitéis leanúnach eolais agus feasachta a dhíríonn ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí agus ar leanaí iad féin le teachtaireachtaí comhsheasmhacha ábhartha.

Luaigh an painéal moltóireachta an méid seo a leanas: *“Is iad baill LMÉ croí agus anam LMÉ. Gan baill aonair ag roinnt a gcuid ama, saineolais agus smaointe, níorbh fhéidir linn an oiread agus a bhainimid amach a bhaint amach. Is deis é an ghradam seo do bhaill LMÉ aitheantas a thabhairt don obair atá á déanamh ag baill eile agus déanaimid comhghairdeas le Webwise as a bheith ar an gcéad ghrúpa, agus meas mór tuilte acu, a fuair an ghradam Ball LMÉ - Ionchur Speisialta.”*

- **Gradam Aitheantais Speisialta bainte amach ag Joseph Hoban**

Is Cheann ar Thionscadail, Comhpháirtíochtaí agus Imeachtaí Branda do RTÉ agus iar-chomhalta de Ghrúpa Stiúrtha LMÉ é Joseph Hoban. D’aontaigh an Painéal Moltóireachta go raibh aitheantas speisialta tuilte ag ionchur an Uasail Hoban le litearthacht sna meáin a chur chun cinn in Éirinn trína ról lárnach i bhforbairt an fheachtais náisiúnta *Be Media Smart*. Luaigh an painéal an méid seo a leanas: *“tá an feachtas Be Media Smart, agus a ghairm chun gnímh ‘Stop, Think, Check’ éirithe ina chuid lárnach d’obair LMÉ agus d’éascaigh sé rannpháirteachas dhearfach ó bhaill agus leathnaigh sé cumhacht LMÉ”.*

Ag trácht dó ar na ngradaim, dúirt an tOllamh Brian O’Neill, Comhchathaoirleach LMÉ: “ *”Is deis iad na gradaim seo do phobal litearthachta na meán in Éirinn aitheantas a thabhairt don obair iontach atá á déanamh ag raon leathan daoine agus eagraíochtaí chun saoránaigh a chumhachtú leis na scileanna agus leis an eolas chun an úsáid is fearr a bhaint as na meáin dhigiteacha inniu. Is iontach an rud é fairsinge agus doimhneacht na n-idirghabhálacha a fheiceáil. Táimid ag súil le Clár Gradaim Litearthachta sna Meáin a fheiceáil ag fás bliain i ndiaidh bliana”.*

<<CRÍOCH>>

#GradaimLMÉ2023 #BuaiteoirGradaimLMÉ

Le haghaidh ceistanna ó na meáin seol ríomhphost chuig **Martina Chapman** ag info@medialiteracyireland.ie nó cuir glaoch ar **085 8723120**.

Nótaí don Eagarthóirí:

- Is comhaontas neamhspleách daoine agus eagraíochtaí é Litearthacht sna Meáin, Éire (LMÉ) a oibríonn le chéile ar bhonn neamhfhoirmiúil agus deonach den chuid is mó chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn in Éirinn. Arna éascú ag Coimisiún na Meán, tá os cionn 300 ball ag LMÉ agus tá siad tarraingthe ó réimse leathan earnálacha.
- Is í fíís LMÉ go mbeidh na scileanna agus an mhuinín ag gach Éireannach le bheith in ann rochtain agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar ábhar agus ar sheirbhísí ar fud gach ardáin, tuiscint agus ceistiú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na meáin agus an teicneolaíocht dhigiteach, rioscaí a aithint agus a bhainistiú, agus páirt a ghlacadh sa réimse poiblí ar bhealach freagrach, eiticíúil agus éifeachtach.
- Is é Cian Magill ó Magill Woodcraft Ireland a dhear an trófaí LMÉ. Is léiriú teibí de shúil eagnaí í an fhoirm - rud a shamhlaíonn an chumhacht laistigh, is féidir a bhaint amach le dianseasmhacht agus creideamh laistigh. Tá sé bunaithe freisin ar choincheap na feasachta, na smaointeoireachta criticiúla, agus spreagadh an duine chun difríocht dhearfach a dhéanamh ar fud an domhain.